An Coimisiún Eorpach

# BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ



#EUBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope

2 Bealtaine 2018

# AN COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA

## CÉN FÁTH A bhFUIL TOSAÍOCHT Á TABHAIRT DON RÉIMSE SEO?

Teastaíonn earnáil talmhaíochta sheasmhach inbhuanaithe iomaíoch ón Eoraip le go bhféadfar bia inacmhainne sábháilte ardcháilíochta a tháirgeadh do na saoránaigh agus creatlach láidir shoceacnamaíoch a chinntiú i gceantair thuaithe. Fágann na dúshláin dhomhanda agus thrasteorann atá ar an earnáil talmhaíochta agus ar cheantair thuaithe san Aontas a shárú go dteastaíonn comhbheartas ar leibhéal na hEorpa.

TTá sé beartaithe ag an gCoimisiún **an comhbheartas talmhaíochta a nuachóiriú** le go gcinnteofar an rochtain ar bhia ardcháilíochta don phobal agus le go leanfar den Mhargadh Aonair lán-chomhtháite le haghaidh táirgí talmhaíochta atá ann san Aontas.

Leis an gcomhbheartas nua:

- Cuirfear béim níos mó ar an gcomhshaol agus ar an aeráid;
- Tabharfar tacaíocht don athrú go hearnáil talmhaíochta níos inbhuanaithe;
- Tabharfar tacaíocht chun ceantair thuaithe bhríomhara a fhorbairt.

## CAD A CHIALLAÍONN SIN Ó THAOBH COSTAIS DE?

Beidh buiséad **€365 bhilliún** ann don Chomhbheartas Talmhaíochta nuachóirithe agus leanfar den Chomhbheartas a fhorbairt thart ar dhá cholún: íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí agus maoiniú don fhorbairt tuaithe. I ndáil leis an maoiniú sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na rátaí náisiúnta cómhaoinithe a ardú. Lena chois sin, cuirfear **€10 mbilliún** ar fáil faoin gclár **Fís Eorpach** chun tacú le taighde agus nuálaíocht i réimse an bhia, sa talmhaíocht, i bhforbairt tuaithe agus sa bhithgheilleagar.

## GNÉITHE NUA ATÁ SNA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

- Faoi **mhúnla nua maidir le cur i bhfeidhm** cuirfear na hoibríochtaí go léir faoi ionstraim amháin cláreagrúcháin, **Plean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta**.
- **Níos mó solúbthachta agus simpliúcháin:** Ar bhonn cuspóirí coiteanna a shocrófar ar leibhéal an Aontais, beidh níos mó solúbthachta ag na Ballstáit scéimeanna idirghabhála a leagfaidh siad amach ina bPlean Straitéiseach

náisiúnta a chur in oiriúint dá riachtanais. Ba cheart go bhfágfadh sin rialacha níos simplí do na feirmeoirí agus don lucht riaracháin agus Comhbheartas Talmhaíochta a bheidh **dírithe níos mó ar thorthaí**.

Beidh na híocaíochtaí díreacha ina ngné lárnach den bheartas go fóill, ach déanfar laghdú measartha orthu agus díreofar iad níos mó ar spriocanna.

- Spreagfar **íocaíochtaí a dháileadh ar shlí níos cothromaithe** trí uasteorainneacha éigeantacha a leagan síos ar na feirmeoirí nó íocaíochtaí céimlaghdaitheacha a íoc de réir mhéid na feirme. Is é a chiallaíonn sin go ndéanfar an tacaíocht a athdháileadh ar fheirmeacha beaga agus meánmhéide. Na híocaíochtaí díreacha in aghaidh an heicteáir a dhéantar leis na Ballstáit éagsúla, leanfar den iarracht iad a chur in oiriúint do mheánleibhéal íocaíochta an Aontais.
- Nasc níos láidre leis na cuspóirí comhshaoil. Beidh na híocaíochtaí díreacha faoi réir coinníollacha breise a chuirfear i bhfeidhm ar gach duine atá i dteideal íocaíochtaí. Tabharfar isteach scéimeanna éiceolaíocha deonacha sa bhuiséad le haghaidh íocaíochtaí díreacha. Déanfar méid mór den mhaoiniú a chur in áirithe le haghaidh bearta ar son na haeráide, an chomhshaoil agus na forbartha tuaithe. Fágfaidh an córas sin go mbeidh solúbthacht níos fearr ag na Ballstáit, agus go mbeidh siad in ann cuspóirí comhshaoil níos spriocdhírithe a leagan síos agus a bheith níos uaillmhéine san obair sin.
- Cruthófar **cúlchiste géarchéime** le gur féidir aghaidh a thabhairt ar ghéarchéimeanna a tharlaíonn de thoradh athruithe neamh-intuartha ar an margadh idirnáisiúnta nó de thoradh suaitheadh ar leith san earnáil talmhaíochta mar gheall ar bhearta tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach. Is gá t**acaíocht le haghaidh uirlisí bainistithe riosca**, cobhsú ioncaim san áireamh, a thabhairt isteach sna pleananna straitéiseacha.

## CAÍONNA EILE A nDÉANFAIDH AN BUISÉAD NUA DIFEAR SA RÉIMSE SEO

- Le buiséad nua an Aontais Eorpaigh cuirfear feabhas ar na sineirgíochtaí atá ann idir an Beartas Comhtháthaithe agus an Comhbheartas Talmhaíochta maidir leis an infheistíocht sa dúlra agus sa bhithéagsúlacht a mhaoiniú. I gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis an tiomantas do Spriocanna Forbartha Mílaoise na Náisiún Aontaithe, **ba cheart 25 % ar a laghad den chaiteachas i gcláir uile an Aontais a bheith ag cur le cuspóirí a bhaineann leis an aeráid**.
- Beidh buiséad **€10 mbilliún** ag an gclár **Fís Eorpach** chun tacaíocht a chur ar fáil don taighde agus nuálaíocht i réimse an bhia, sa talmhaíocht, i bhforbairt tuaithe agus sa bhithgheilleagar.
- **Leis an gclár seanbhunaithe don chomhshaol agus don ghníomhú ar son na haeráide (LIFE)** tabharfar tacaíocht freisin do bhearta a chuireann an éifeachtúlacht fuinnimh agus an fuinneamh glan chun cinn.
- Cabhróidh an **Clár Spáis** agus na satailítí Copernicus agus Galileo an fheirmeoireacht bheacht a chur i bhfeidhm: Déanfaidh na satailítí faireachán ar na tailte talmhaíochta san Aontas agus seolfaidh siad comharthaí chuig na feirmeoirí faoi na háiteanna sin ar féidir leo leasú a chur amach ar a bpáirceanna. Laghdóidh sin an baol táirgí a úsáid in áiteanna nach bhfuil gá leo, agus laghdófar freisin truailliú na talún agus an aeir ar an iomlán.

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

| | |
|---|---|
| **02/05 2018** | **Pacáiste maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2020** |
| **01/06 2018** | **Tograí reachtacha earnála maidir le cláir chaiteachais** |
| **28-29/ 06/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **12/09 2018** | **Aitheasc an Uachtaráin Juncker faoi Staid an Aontais** |
| **18-19/ 10/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **13-14/ 12/2018** | An Chomhairle Eorpach |
| **21-22/ 03/2019** | An Chomhairle Eorpach |
| **09/05 2019** | Cruinniú Mullaigh Sibiu |

NA-04-18-349-GA-C
NA-04-18-349-GA-N
doi:10.2775/649798
doi:10.2775/27010
Print ISBN 978-92-79-84566-6
PDF ISBN 978-92-79-84534-5